


Paradacsá Ruairí Mhic Easmainn

Aleksandar Mishevski



Aistrithe ag Diarmuid Clifford

focaileile
|||l|

drugizborovi
|||l|




Paradacsá Ruairí Mhic Easmainn

"Tá a fhios agam faoi dhá scéal thragóideacha sa saol seo, scéal na hÉireann agus scéal na Macadóine. Iad araon bocht agus céasta."

Ruairí Mac Easmainn

Réabhlóidí Éireannach



Réamhrá

Deireadh Fómhair 2015, San Sebastian nó Donostia mar a thugann mo chairde Bascacha air. Suite ar an Atlantach i suíomh iontach, an chathair lán de bholadh na farráige, d'úire agus de bheocht dhoshéanta na Meánmhara. Cé go bhfuil sé déanach san fhómhar tá turasóirí i ngach áit agus tá mé an-tógtha leis na surfálaithe go léir atá ag marcaíocht ar na tonnta amach ó thrá gar don chathair. Ag cruinniú de roinnt eagraíochtaí comhpháirtíochta ón Eoraip atá tiomanta do theangacha agus do litríochtaí beaga agus mionlaigh, chuir sé ionadh orm go bhfuil a fhios ag duine éigin (seachas mé féin, ar ndóigh) go bhfuil Macadóinis, Bascais agus an Ghaeilge, i measc na deich dteanga labhartha is sine ar domhan inniu. Fuair mé amach beagán níos déanaí, gur ar éigean a bhaintear úsáid as teanga na mBascach i San Sebastian agus nach bhfuil ach cúpla meán ann a chothaíonn í. Dhá bhliain ina dhiaidh sin le linn dom fanacht i mBaile Átha Cliath fuair mé amach go mbaineann an scéal amhlaidh i gcás an Gaeilge, cé nach bhfuil sé chomh dona. Craoltar í ar an teilifís agus tá cláir speisialta ann chun í a chaomhnú. Níl fadhb den chineál sin againn sa Mhacadóin Nuair is cosúil go bhfuil rud éigin agat, ní bhíonn meas go leor agat air agus is rud fíorluachmhar agus riachtanach do náisiún ar bith a theanga féin. De thoradh na rudaí a thug mé faoi deara thuig mé na difríochtaí agus an líon beag cosúlachtaí atá eadrainn inniu. Is léir go mbíonn tionchar ag imeacht na mblianta ar rudaí.

Difríochtaí agus cosúlachtaí

Baile Átha Cliath, Éire, Deireadh Fómhair 2017

Bhí Ruairí Mac Easmainn ar dhuine na fir ba thábhachtaí agus ba shuntasáí i dtroid na nÉireannach ar son na saoirse agus an neamhspleáchais agus ba é ceann de na rudaí ba cháiliúla a dúirt sé ba mhó a spreag mé chun an taighde seo a dhéanamh. Rinne mé an cinneadh sin gan dabht ar bith mar gheall ar an spéis atá agam i stair agus i bpolaitíocht agus sa troid a dhéanann gach cine ar domhan atá faoi dhaoirse agus faoi chois go háirithe san Eoraip. Seachas an taighde sa tionscadal Other Words, bhí a fhios agam, in ainneoin na gcosúlachtaí stairiúla a bhí sa streachailt réabhlóideach san am atá thart, gur dócha go bhfuil cosúlachtaí fós ann inniu. Ach os a choinne sin b'fhéidir go bhfuil mé mícheart. B'fhéidir go bhfuil.

Cérbh é Ruairí Mac Easmainn agus cén fáth a gcreidtear gur chinntigh sé go mbainfeadh Éire a saoirse amach? Bhí mé ábalta tuilleadh mioneolais a fháil ón aisteoir agus ón scríbhneoir scáileáin, Diarmuid, a d'fhan ar feadh dhá mhí i mBitola agus a roinn an t-eolas go léir a bhí aige ar an duine féin a bhí ina laoch mór sa chogadh ar son neamhspleáchais agus ar an obair a rinne sé. Rugadh Ruairí i mBaile Átha Cliath. Bhí a athair ina Phrotastúnach agus a mháthair ina Caitliceach; fuair sé oideachas den scoth a chuir ar a chumas obair san Aireacht Gnóthaí Eachtracha agus ceapadh é mar chonsal na Breataine. Rinne sé imscrúdú roimhe sin sa Chongó ar an chaoi ar imir na cumhachtaí coilíneacha cos ar bolg ar phobal dúchasach na hAfraice. Is dócha nuair a chonaic sé an éagóir agus na drochbhearta a rinneadh orthu gur spreag sé sin é chun éirí as a bheith ag fónamh don choróin agus dul isteach san IRA agus chabhrú leis na ceannaircigh trí chistí agus airm a bhailiú. Cuireadh “ardtréas in aghaidh na corónach” i leith Ruairí sa díotáil agus cuireadh chun báis é. Ghabh saighdiúirí na Ríochta Aontaithe é, daoradh chun báis é agus crochadh é.

Fear ard, dathúil ab ea é, a raibh cuma duine uasail air. file agus taidhleoir ab ea é. Bhí sé dána diongbháilte agus chuir an dealramh a bhí air an ceannaire cáiliúil Todor Alexandrov i gcuimhne dom. Ba eisean an ceannaire ba rathúla riamh a bhí ar an VMRO (Eagraíocht Réabhlóideach Inmheánach na Macadóine).

Bhí an bheirt acu cosúil le chéile sa mhéid is go raibh conspóid ar siúl fúthu lena linn agus gur ábhar spéise iad fiú sa lá atá inniu ann. Bhí Ruairí ina homaighnéasach agus ag an am sin, ar ndóigh, níor thréith inmhianaithe í sin, ar a laghad i gcás réabhlóidí go luath sa 20ú haois.

Cáineadh a ghnéasacht tar éis a bháis agus foilsíodh a chuid *Black Diaries* a léiríonn go raibh sé ina chreachadóir scaoilte homaighnéasach. Ar ndóigh, ba é an aidhm a bhí lena bhfoilsíú ná scáil dhorcha a chaitheamh ar a chuid gníomhaíochtaí réabhlóideacha agus ar fhiúntas na coimhlinte chun Poblacht na hÉireann a bhunú. Mar sin féin, is laoch náisiúnta é Ruairí inniu i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann atá fós faoi riail na Breataine. Rud suimiúil is ea an chaoi go bhfuil an chuimse ghraifítí agus mhúrphictiúir tiomnaithe do Ruairí Mac Easmainn, go dtí an lá atá inniu ann sa chathair deighilte sin Béal Feirste (go háirithe sa chuid Thiar de). Tá páirc ainmnithe ina dhiaidh. Taispeánann múrphictiúir ollmhóra dílseacht na nÉireannach don Phalaistín agus don choimhlint atá ar siúl acu chun neamhspleáchas a bhaint amach. Tá teachtaireachtaí a péinteáladh go hálainn ann freisin ag tacú le neamhspleáchas na Catalóine, agus ní mór dúinn freisin tagairt a dhéanamh do cheannaire na reibiliúnach Coirdíneach, Abdullah Ocalan, a ciontaíodh i sceimhlitheoireacht.

An bhfuil an AE sásta cur suas le tacaíocht phoiblí do dhaoine a chiontaíodh i sceimhlitheoireacht nó an eisceacht é Béal Feirste? An ósais é don pholaitíocht radacach ón eite chlé go lucht tacaíochta Síónachais? Chonaic mé i bhfad ó shin ar an taobh eile den bhalla a roinneann an dá phobal a bhíonn in adharca a chéile go raibh brat Iosrael ar foluain taobh le Union Jack na Ríochta Aontaithe. An samplaí iad sin de chaighdeáin dhúbailte nó de shaoirse cainte san Aontas a bhíonn ag fógairt gan stad faoi fhuathchaint agus meas ar chearta agus ar shaoirsí an duine. Is iondúil go dtugtar Iardheisceart na hEorpa ar chríocha na mBalcán ach ní raibh mé in ann a fháil amach an gcuireann cás mhuintir chéasta na mBalcán as do na dílseoirí Protastúnacha a bhfuil móramh beag acu i dTuaisceart Éireann. Mar sin féin, tá a fhios agam gurb iad na hÉireannaigh a thóg an Titanic a sheol ó Bhéal Feirste agus atá inniu ar cheann de na nithe is mó ar fiú cuairt a thabhairt air sa chathair.

Tá an iarsmalann tógtha cosúil leis an long a raibh turas cinniúnach aici, a bhuail cnoc oighir agus a chuaigh go tóin poill agus gur maraíodh an oiread sin daoine agus rinneadh an oiread damáiste ábhartha nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe sin. An bhféadfadh sé sin tarlú don AE freisin? Go háirithe tar éis Brexit. Má bhreathnaímid ar na caighdeáin dhúbailte a chuirtear i bhfeidhm i leith bhallstáit éagsúla an Aontais agus fiú laistigh díobh, mura dtagann deireadh leis an aontas, ní féidir claochlú a sheachaint. Ach déanfaidh na vótálaithe i ngach Ballstát cinneadh go daonlathach sna chéad toghcháin eile do Pharlaimint na hEorpa.

Le cois na dtuairimí dearfacha a chuala mé i mBaile Átha Cliath faoi charachtar agus thar gach aon rud eile faoi obair Ruairí Mhic Easmainn, bhí deis agam bualadh le daoine a raibh a mhalairt de thuairim acu faoi.

Ba iadlucht na heite clé agus cumannaithe ba mhó a cháin é toisc go raibh muinín aige as na daoine míchearta a bhain mí-úsáid as an tsaoirse nuair bunaíodh an Phoblacht agus a thug an iomarca cumhachta don Eaglais Chaitliceach sa tsochaí iomlán agus a rinne faillí ar ghnéithe sóisialta na réabhlóide agus de streachailt na n-oibrithe chun go mbeadh dínit acu ina saol.

Bhain sé an-stangadh asam é sin a chloisteáil! Tá an dearcadh céanna ag lucht molta Ernesto Che Guevara (faoi mar atá in aon áit ar domhan). Obair in aisce a bhí agam a mhíniú go raibh Che freagrach as na céadta príosúnach a lámhach mar aon le cuid dá chomrádaithe féin, rud nach ndearna Ruairí Mac Easmainn riamh. Mar sin féin, ní raibh mé in ann gan rud éigin a rá agus bhí a leithéid de ghrá don cheartas agam nach bhféadfainn fanacht ciúin agus cead a thabhairt dóibh an milleán a chur ar dhuine a d'íobair a ghairm bheatha agus saol compordach taidhleoireachta ar mhaithe le saoirse daoine a bhí faoi chois. Rinne mé iarracht an scéal a mhíniú trí Josip Broz Tito a lua, a bhí mar cheannaire iomráiteach agus ina uachtarán ar feadh a shaoil ar an lúgslaiv agus a chinntigh go raibh rathúnas ann lena linn, ach nár cheadaigh ach saoirse teoranta agus a chur cosc le daonlathas, ach conas a dhéanfainn a mhíniú nach bhfuil aon rud sa saol seo go hiomlán dubh nó bán agus thuig mé nach bhfeicfeadh fanaicigh miondifríochothaí fíneálta go deo.

Chuir sé sin go léir i gcuimhne dom an díospóid agus an chonspóid faoi na ceannairí agus na laochra a bhí ag troid ar son neamhspleáchas na Macadóine agus atá fós ar siúl faoin eagraíocht réabhlóideach a d'athraigh a hainm go minic thar na blianta agus is fearr aithne uirthi anois mar an VMRO. Is cinnte go raibh siad in ard a réime i ndiaidh an Chogaidh Mhóir faoi cheannaireacht Todor Alexandrov, a bhfuil tuairimí difriúla ann faoi láthair maidir lena ghníomhartha, faoina idé-eolaíocht agus, ar ndóigh, an chaoi a ndearnadh feallmharú air. Ní fios fós cé a rinne an beart ach is féidir glacadh leis go ndearnadh é toisc go raibh sé ina thairne sa bheo ag go leor daoine.

Theastaigh ó go leor daoine fáil réidh leis. Is féidir daoine a bhí sa Chúirt Ríoga i Sóifia a lua mar aon lena naimhde polaitiúla sa Bhulgáir agus lucht an Comintern i Moscó agus ar ndóigh iad siúd a bhí ag iarraidh ceannaireachta na heagraíochta a fháil dóibh féin. Is maith an rud é go bhfuil séadchomhartha mar chuimhne air sa Mhacadóin inniu agus tá boulevard ainmnithe ina dhiaidh. Bhí an tEasmannach ag teacht ón nGearmáin i rith an Chéad Chogadh Domhanda nuair a gabhadh é. Aisteach go leor comhghuaillí na Gearmáine ab ea an VMRO le linn an Chogaidh Mhóir agus fuair siad gealltanús uathu go n-aontódh siad gach cuid den Mhacadóin a bhí faoi chois.

Tuigfidh gach duine san 21ú haois atá fiú beagán neamhchlaonta an fáth ar chomhoibrigh an tEasmannach le naimhde na Ríochta Aontaithe a raibh sé ag fónamh dóibh tamall roimhe sin. Déarfadh an chuid eile go léir gurbh ardréas a bhí ann. Ar an drochuair, níl aon talamh réitigh ná dearbhfhírinne iomlán le fáil inniu go háirithe san Eoraip atá deighilte idir Nua-Liobrálach agus Náisiúnaithe antoisceacha. Is cinnte nach raibh a leithéid de scoilteanna agus d'esaontas le fáil riamh i dtuairimí na bpolaiteoirí agus na ngnáthdhaoine ó bunaíodh an AE.

Ba é an rud ab fhéarr a rinne Ruairí Mac Easmainn go dtí 1916 ná airm a sholáthar d'Óglaigh na Cásca agus agóid a dhéanamh ar fud na Stáit Aontaithe chun airgead a bhailiú do ghluaiseacht na saoirse. Dá mba rud é go raibh mé ar tí script scannáin a scríobh, dhéanfainn radharc a chumadh in áit éigin i Stáit Aontaithe Mheiriceá ina mbuailfeadh Ruairí Mac Easmainn le hionadaithe ó Dhiaspóra na Macadóine, Eagraíocht Thírghrách na Macadóine nó an MPO mar a dtugtaí orthu, óna bhféadfadh sé faisnéis a fháil faoi chinniúint thragóideach an dá náisiún.

B'fhéidir gur bhuail sé leo i Marseille mar a dhearbhaigh staraí amaitéarach amháin agus d'iarr sé orm gan an fhaisnéis sin a fhágáil ar lár. Ba i Marseille na Fraince in 1934, a ndearna feallmharfóir an VMRO Velichko Georgiev - Kerin ar a dtugtar Vlado Chernozemski (leasainm a roghnaigh sé féin) ceann de na dúnmharuithe ba cháiliúla sa 20ú haois. Fear ab ea Velichko a chaith a dhúthracht go hiomlán chun go mbeadh an Mhacadóin ina tír cheannasach, neamhspleách, aontaithe.

Ba iad Rí na Seirbia Aleksandar Karajordjevic agus Aire Gnóthaí Eachtracha na Fraince Louis Barth a maraíodh. Sa lá atá inniu ann, measann roinnt daoine go raibh Vlado Chernozemski ina laoch ach measann daoine eile gur marfóir gan trua a bhí ann.

Paradacs na Macadóine

Is é paradacs na Macadóine ná gur measadh go raibh an tír ina tearmann síochána nuair tosaíodh na cogaí san Iar-lúgslaiv in 1991 agus gur sampla í den chaoi a bhféadfaí tairbhe a bhaint as neamhspleáchas ach go bhfuil sí réabtha ó chéile anois ag suaitheadh inmheánach agus achrainn idir grúpaí eitneacha.

Aontaíonn go leor gurb é an bac is mó atá os comhair na Macadóine ná go bhfuil an Ghréig ag cur bac uirthi a neamhspleáchas a dhearbhú, rud a chuir moill uirthi páirt a ghlacadh i gcomhghuaillíochtaí na hEorpa agus an Atlantaigh. Baineann an phríomhdhíospóid le hainm na Macadóine. D'éirigh leis an nGréig a chur ina luí ar a chomhghuaillithe go bhfuil an t-ainm iridinteach agus go dtugann sé le tuiscint go bhfuil éileamh aici ar a chríocha, .i. an ceantar a bhí faoina riail i ndiaidh Chogadh na mBalcán agus Conradh Síochána Bhúcairist in 1913 a shínigh na páirtithe cogaíochta go léir, seachas muintir na Macadóine.

Ina theannta sin, creideann na Gréagaigh gurb é Tito a cheap náisiún na Macadóine in 1944 ionas go bhféadfadh an lúgslaiv mar a bhí sé ag an am sin a chríocha a éileamh, go háirithe Teasaloinicé agus an bealach amach chun na farraige.

Measann muintir na Macadóine, gur dlúthchuid dá bhféiniúlacht náisiúnta an t-ainm, agus nár cheart do dhuine ar bith é a bhaint uathu.

Cruthaíonn na fadhbanna atá acu le comharsana eile deacrachtaí breise. Séanann an Bhulgáir gur teanga faoi leith í an Mhacadóinis agus gur náisiún faoi leith iad muintir na Macadóine. Ní aithníonn an tSeirbia neamhspleáchas Eaglais Cheartchreidmheach na Macadóine. Maíonn siad gur sáraíodh rialacha eaglasta nuair a bunaíodh í in 1967 cé go bhfuil sí ar an bhfód le breis agus leathchéad bliain anois. Le linn na coimhlinte míleata in 2001 chonaic muid na hAlbánaigh agus na mianta iridinteacha atá acu chun Albáin Mhór a chruthú.

Comhoibriú Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh le linn bhuaamáil na Seirbia

Ar ndóigh, tá an AE agus SAM freagrach go díreach as cás achrannach na Macadóine. In ainneoin na mbealaí go léir atá acu níor imir siad tionchar ar an nGréig chun stop a chur le hiarrachtaí a chomharsa páirt a ghlacadh i gcomhtháthú na hEorpa agus an Atlantaigh.

D'fhéadfaí é sin a dhéanamh go réidh le linn na géarchéime fiachais sa Ghréig nuair ab fhéidir brú a chur ar an rialtas san Aithin an fhadhb mhírreasúnta a thréigean a bhí cruthaithe acu féin. Sa chaoi sin cuireadh pionós ar an Mhacadóin bíodh is gur chomhoibrigh sí le hEagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh le linn bhuaamála na Seirbia in 1999, agus ag an am céanna gur ghlac sí leis na céadta mílte dídeanaithe Albánacha ón gCosaiv. Ní bhfuair sí dá thoradh sin ach focail áille, moladh agus dóchas bréige go mbeadh ballraíocht aici san AE aici go tapa.

Baineadh amach buaicphointe na fimíneachta agus léiríodh caighdeáin dúbailte an AE le linn coimhlinte míleata nuair a chinn Aire Gnóthaí Eachtracha an RA, an Tiarna George Robertson, thar oíche gur chosantóirí cearta daonna iad grúpaí paraimíleatacha Albánacha an UCK (Arm Saoirse na Cosaive) seachas a bheith ina sceimhlitheoirí cé go raibh cúig ráiteas foilsithe acu ina ndúirt siad go raibh siad ag troid chun críocha na Macadóine a ghabháil nó ag troid chun Mór-Albáin a chruthú. Is cinnte gur dhaoine sa State Department nó sa Pentagon i Washington ba mhó a thacaigh leis an mbeartas fimíneach seo, ach níor cheart dúinn dearmad a dhéanamh ar mhaorlathaigh an AE sa Bhruiséil.

Cás na Macadóine inniu

Bitola 2018

Ba iad airí eachtracha na Gréige agus na Macadóine a shínigh comhaontú Prespa idir an Mhacadóin agus an Ghréig seachas uachtaráin an dá stát faoi mar a éilíonn an bunreacht. Socraíodh an chéad fhasach i stair an domhain nua-aimseartha faoi choimirce an AE ag sráidbhaile cois teorann ar Loch Prespa. Ní dhearna an t-imeacht ach an nochtadh nó an tuiscint a dhearbhu agus na leideanna a tugadh roimhe sin a dheimhniú maidir leis an dearcadh céanna a bhí ag formhór na bpolaiteoirí agus na n-intleachtóirí príomhshrutha agus ag gníomhaithe príomhshrutha sa bhaile agus san Eoraip ar son cearta an duine. Is ar éigean a gcuireann cearta bunúsacha daonna ná cearta daoine a gcéannacht féin a bheith acu isteach ar dhaoine ná séanadh na gceart sin trí fhorneart agus dúmhál. Cé go bhfuil i bhfad níos mó i gceist ná athainmniú an stáit tríd an bhfocal Thuaidh a chur leis agus le hainmneacha na n-institiúidí go léir a bhfuil an t-ainm céanna orthu is atá ar an náisiún iomlán. Ní aon áibhéil a rá gur cinedhíothú eile é seo i gcoinne na Macadóine. Tharla an ceann roimhe seo i ndiaidh dheireadh an Dara Cogadh Domhanda le linn cogadh cathartha sa Ghréig ó 1945 go 1949. Nuair a buadh ar na páirtiseáin díbríodh thart ar leathmhilliún duine a thacaigh leo ón stát. Macadóinaigh ab ea an chuid is mó acu agus thacaigh buamadóirí na Breataine agus na Meiriceánach go mór lena naimhde trí na sléibhte i gcuid Aeigéach na Macadóine a loisceadh. Go deimhin, den chéad uair riamh, d'úsáid siad na buamaí mídhonna napailme, i bhfad roimh chogadh Vítneam, ach is gné í sin den stair nach bhfuil ar eolas ag mórán daoine agus nach dtugtar chun cuimhne san Eoraip daonlathach atá ann inniu. Nuair a smaoinimid ar chomhaontú na Gréige agus ar chomhaontú na Bulgáire, tá an dara ceann níos díobhálaí d'fhéiniúlacht náisiúnta na Macadóine ná an chéad cheann. Lenár gcéad chomharsa (an Ghréig), rinneamar ár bhféiniúlacht a shéanadh, agus leis dara ceann (an Bhulgáir) ghlac muid le hathscríobh ár staire agus le forghabháil ár dtíre ag an mBulgáir. Gheobhaidh muid amach nach ndearnadh aon fhorghabháil le linn an Dara Cogadh Domhanda, nach raibh aon fhaisistigh ann agus b'fhéidir nach mbeidh tagairt ar bith d'Arm Saortha Phobal na Macadóine (NOB) sna leabhair staire nua sa Mhacadóin Thuaidh.

Is é an reifreann an gníomh daonlathais is airde

I ngach gnáthstát, is trí reifreann a chinntear cad é toil na ndaoine. Léirigh an banfhile Bascach, Ainara Maia é sin ar bhealach dearfach:

“Tá an t-ádh libh go bhfuil reifreann a reáchtáil maidir leis an gcomhaontú ar ainm nua an stáit; níl aon cheart againn i dTír na mBascach tuairim a nochtadh ar an tsaincheist sin.”

“Tá Daonlathas níos foirfe againn,” arsa mise á freagairt le teann íoróine agus luaigh mé caoinfhulaingt phóilíní na Macadóine is iad ag déileáil le léirsitheoirí, i gcomparáid le póilíní na Spáinne sa Chatalóin le linn an reifrinn a bhí lán chomh conspóideach faoi neamhspleáchas. Sa chomhrá níor fhéad mé gan tagairt a dhéanamh don scríbhneoir Freaslannach, Jan. Cé go bhfuil go leor daoine cinnte gur rud dearfach atá á mholadh sa reifreann is cinnte go vótálfaidh go leor eile ina choinne. B'éigean dom a chur in iúl dóibh nach ndéanfaidh aon duine a sheasann lena onóir agus lena choinsias a fhéiniúlacht a mhargú agus nach dtabharfaidh sé dlisteanacht do chomhaontú nach raibh a leithéid ann riamh i stair an duine. Dúirt mé freisin go bhfuil easnaimh éagsúla sa reifreann, nach bhfuil ann ach reifreann comhairleach sa chaoi nach mbeidh na torthaí bailí. Chuir sé as dóibh nár éirigh leo a ndearcadh féin a chur ina luí orm. Dearbhaíodh an tuairim a bhí agam tamall ina dhiaidh sin nuair nár vótáil ach thart ar 30 faoin gcéad ar son an chomhaontaithe agus léirigh ár bpríomh-aire glic atá ar son na hEorpa go raibh an ceart agam nuair a dúirt mé nach raibh uaidh ach tuairim na ndaoine a chloisteáil agus go ndéanfadh an pharlaimint an cinneadh deiridh. Is cosúil go gceapann sé gur daoine de chineál níos ísle iad na saoránaigh agus nach dtuigeann cad atá go maith dóibh agus nach mór do na ceannairí a thoghann siad na cinntí a dhéanamh. I gcomhrá a bhí againn le chéile ina dhiaidh sin thug Jan le fios dom gurb é Jan Matt an t-ainm atá air bíodh is gur cheap mé go raibh sé ceart go leor Jan a thabhairt air. Bhí céannacht tábhachtach agus goileann sé ar dhaoine is cuma cé acu céannacht duine aonair nó céannacht náisiúnach a bhíonn i gceist. Tá súil agam go dtuigeann sé agus na daoine eile go léir a léifidh na línte seo an pointe sin sula dtosaíonn siad ag tabhairt breithiúnais ar dhuine éigin nó ar rud éigin nach bhfuil dóthain ar eolas acu faoi.

Iarfhocal

Cuireadh an conradh i bhfeidhm trí nós imeachta um athruithe bunreachtúla trínar sáraíodh dlíthe, agus rialacha sibhialta agus buntáistí daonlathacha go barbartha. Trí fheisirí a cheannach, dúmhál a imirt ar a lán acu agus fiú cuid acu a fhuadach agus a choinneáil i bpríosún roimhe sin d'éirigh leo líon an líon marfach sin – 80 feisire nó dhá thriain de na vótaí - a fháil chun an bunreacht a athrú. Agus ar ndóigh, bhí sé sin ar mhaithe lenár leas agus an dea-bhail sin a bhí uainn le 28 bliain. Maidir le ballraíocht amach anseo in Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh, an dtabharfaidh sé sin síocháin fhadtéarmach dúinn? Tá sé sin ar cheann de na príomhargóintí a dhéantar díreach cosúil leis an gcogadh síochána san Iaráic nó san Afganastáin áit ar ghlac saighdiúirí na Macadóine páirt iontu mar chuid den chomhcheangal faoi stiúir na Stát Aontaithe bíodh is gur dhiúltaigh stáit cheannasacha mar an Ghréig is an Bhulgáir, in ainneoin gur cuid de Chomhghuaillíocht Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh iad, páirt a ghlacadh sa mhisean forghabhála bíodh is go raibh sé ar son na síochána. D'fhéadfadh daoine a rá gur Tadhg an dá thaobhachas é sin, ach d'fhonn mearbhall a sheachaint maidir leis na fasaigh seo, is cinnte gur Tadhg an dá thaobhachas atá ann, ní hamháin don téarma daonlathas ach do na buntáistí daonna bunúsacha, beag beann ar an gcóras nó ar an gcineál sochaí a bhfuilimid ag maireachtáil ann.

Cén bhreith a thabharfaí ar Ruairí Mac Easmainn agus ar Todor Alexandrov inniu de réir na gcaighdeán reatha atá ann ó thaobh ceartaiseacht pholaitiúil san Eoraip? An mbreathnófaí orthu mar chosantóirí na saoirse, an daonlathais agus ceartais nó mar sceimhlitheoirí? Is dócha go mbeadh cúinsí láidre maolaitheacha ag Ruairí mar homaighnéasach, agus chun an fhírinne a dhéanamh, ní dóigh liom dtaitneodh Todor leis na maorlathaigh sa Bhruiséil. Ní thaitneodh a chuid tréithe leo siúd atá ar son “dul chun cinn”, is é sin le rá, iad siúd a dhéanann cinntí thar ceann gach duine. Is é an sainmhíniú ar chinedheighilt ná idirdhealú a dhéanann mionlach in aghaidh an mhóraimh.

Is cinnte go mbeidh an comhaontú seo ar cheann den dornán beag cáipéisí a tosaíodh i dtír amháin agus a críochnaíodh i dtír eile, agus cé go dtugtar talamh na gréine, na dea-aimsire agus na samhraí teo ar an Mhacadóin ní thabharfaidh daoine neamhchlaonta ó gach cearn den domhan “Thuaidh” air go deo.

Alexander Mishevski